

BLOC TG4 leis an gCoimisinéir Teanga

Micheál Ó Ciaraidh:

Dia daoibh ar fad atá ag amharc orainn ar leathanach Facebook TG4 agus fáilte isteach ar dtús báire...

Ar an céad lá do mí na Samhna 2017 rinneadh na seiceálacha deiridh le go bhfhéadfaimis dul beo ar Facebook TG4 ag seoladh Oireachtas na Samhna i gCill Airne, Chontae Chiarraí. Cuireadh tús leis na hagallaimh agus labhair an criú le haoíonna suimiúla agus mór-le-rá in Óstán an Bhrehon. Bhíomar tuairim is naoi nóiméad beo ar an aeir nuair a tharla sé seo...

Rónán Ó Domhnaill: Gabh mo leithscéal?

Micheál Ó Ciaraidh: An n-oibríonn tusa anseo?

Rónán Ó Domhnaill: No, is mise an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill.

Micheál Ó Ciaraidh:

Do you know what because tá lad anseo a oibríonn agus tá tú iontach iontach cosúil leis...

[Ceol]

Micheál Ó Ciaraidh:

Tá sé cúpla mí ó shin anois ó tharla sé sin agus mar sin shocraigh mé cuairt a thabhairt ar Rónán Ó Domhnaill ina oifig go bhfaighinn amach faoin obair a bhíonn ar bun aige agus mar a tharlaíonn sé, is duine iontach *sound* é.

Rónán Ó Domhnaill:

Haigh .. Micheál!

Micheál Ó Ciaraidh:

Conas atá tú?

Rónán Ó Domhnaill:

Níl tú fecithe agam ón Oireachtas! Cé chaoi bhfuil tú?

Micheál Ó Ciaraidh:

Go maith, conas atá rudaí?

Rónán Ó Domhnaill:

Go maith, tá sé iontach tú a fheiceáil arís.

Micheál Ó Ciaraidh:

Tá agus istigh anseo, tá sé galánta.

Rónán Ó Domhnaill: Tá sé go hálainn. Tá sé iontach tusa a fheiceáil, fuair mé go leor leor *slagáil* ón uair deireanach.. (MÓC oh déarfainn é!) nuair a casadh orm thú

Micheál Ó Ciaraidh: agus tá tú ag dul níos mó a fháil inniu!

Rónán Ó Domhnaill:

Oh a bhfuil, iontach! Come on...

[Ceol] Céard a dhéanann an Coimisinéir Teanga?

An phríomhphost atá agam, is dóigh, ná má tá fadhb ag daoine seirbhísí a fháil trí Ghaeilge ón Stát, go dtéann siad i dteagmháil liomsa, *so* mar shampla, má tá duine ag lorg coinne le oifigeach Stáit, sa Roinn Leasa Shóisialaí mar shampla, nó sa Roinn Iompair nó aon rud mar sin, má bhíonn fadhb acu seirbhís a fháil trí Ghaeilge déanann siad teagmháil liomsa agus fiosraíonn muide an scéal.

[Ceol] Cén fáth a dtéann daoine i dteagmháil leat?

Uaireantaí bíonn dualgas go gcuirfear an tseirbhís ar fáil, go minic freisin ní bhíonn dualgas an tseirbhís a chur ar fáil, agus sin an chuid is mó den obair a bhíonn ar siúl againn i ndáiríre. Chomh maith leis sin ansin bíonn muid ag déanamh faireacháin ar an méid atá geallta, má dheireann, abair an Roinn Oideachais, má dheireann siadsan go ndéanfaidh muid rudaí áirithe i nGaeilge, an jab atá agamsa ná faireachán a dhéanamh air sin agus a chinntiú go ndéanann siad an méid a deir siad go ndéanfaidh siad.

[Ceol] Aon rud eile?

Agus an tríú phost atá agam, is dóigh, ná comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí, so má tá comhlacht poiblí éigin nó Roinn Stáit éigin nó aon rud mar sin ag déanamh togra nua ar nós suíomh idirlín nua, mar shampla, an ról atá a' msa, is dóigh, ná má dhéanann siad teagmháil linn comhairle a chur orthu faoi céard iad na dualgaisí atá orthu agus braitheann sé sin go minic ar céard atá geallta acu i scéimeannaí teanga agus mar sin de.

Mícheál Ó Ciaraidh:

Bhuel caithfidh mé a rá ní dhéanfaidh mé dearmad ar Rónán Ó Domhnaill aríst.